2026/2157

24.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2157 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a bhunú [1], agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 25 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/2443 [2], lena gceaptar Nataliya APOSTOLOVA ina Ceann Misin ar EU BAM Rafah ón 1 Samhain 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(3) Ina dhiaidh sin, chuir an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh roinnt uaireanta le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin ar EU BAM Rafah, den uair is déanaí le Cinneadh (CBES) 2026/1458 an 25 Meitheamh 2026 [3], lenar cuireadh síneadh lena sainordú go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

(4) An 29 Meitheamh 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1467 [4], lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM RAFAH ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

(5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfeadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin ar EU BAM Rafah ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(6) Agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, ba cheart síneadh míosa a chur le sainordú an Chinn Misin ar EU BAM Rafah,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin ar Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

[1] IO L 327, 14.12.2005, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2005/889/oj.

[2] Cinneadh (CBES) 2023/2443 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Deireadh Fómhair 2023 lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2023) (IO L, 2023/2443, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2443/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2026/1458 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Meitheamh 2026 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2026) (IO L, 2026/1458, 29.06.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1458/oj).

[4] Cinneadh (CBES) 2026/1467 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2026 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L, 2026/1467, 30.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1467/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le bailíocht Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES tar éis an 30 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD